**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
State Examinations Commission
Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 TP65
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath, N37 TP65
Teileafón: +353-90-644 2745. Gréasán: www.examinations.ie.

**S11/25**

**Scrúduithe na hArdteistiméireachta (Bunaithe), 2025; Béaltrialacha sa Ghaeilge agus sna Nuatheangacha Iasachta**

**CHUIG BOIRD BHAINISTÍOCHTA / ÚDARÁIS NA SCOILEANNA DARA LEIBHÉAL AGUS PRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA AGUS AN LUCHT BAINISTÍOCHTA IN IONAID EILE OIDEACHAIS A CHUIRFIDH SCRÚDUITHE ARDTEISTIMÉIREACHTA AR FÁIL IN 2025**

Reáchtálfar Béaltrialacha i nGaeilge, Fraincis, Gearmáinis, Iodáilis, Spáinnis, Seapáinis, Rúisis, Mandairínis, Polainnis, Liotuáinis agus Portaingéilis le haghaidh Ardteistiméireacht (Bhunaithe) 2025.

I gCiorclán **S88/24**, atá ar fáil ANSEO, fógraíodh sceidealú Bhéaltrialacha na hArdteistiméireachta d'Ardteistiméireacht 2025. Mar a fógraíodh roimhe seo, beidh na scrúduithe seo á reáchtáil go luath i dtréimhse laethanta saoire na Cásca, ó **Dé Sathairn go dtí Déardaoin, 12–17 Aibreán, agus an dá lá sin san áireamh**. Dearbhaíodh freisin go mbeidh na Béaltrialacha in 2026 agus 2027 ar siúl faoin socrú céanna, agus go ndéanfar athbhreithniú eile ina dhiaidh sin.

Is é aidhm an chiorcláin seo (S11/25) tuilleadh sonraí a chur ar fáil d'údaráis scoileanna faoi na socruithe chun Béaltrialacha na hArdteistiméireachta a reáchtáil agus chun treoracha a chur ar fáil maidir lenar gá do scoileanna a dhéanamh anois. Iarrtar ort d'aire a thabhairt ar a bhfuil sa chiorclán seo agus é a chur faoi bhráid an phearsanra ábhartha i do scoil.

Tá CSS ag méadú líon na laethanta le haghaidh **Cuiditheoirí Scrúduithe – Tacaíocht Thréadach** le haghaidh scrúduithe 2025, ó chúig lá ar a mhéad go dtí sé lá ar a mhéad. **Táimid ag tapú na deise seo freisin chun na socruithe tacaíochta tréadaí le haghaidh Ardteistiméireacht 2025 a fheabhsú agus a shoiléiriú.** Tá tuilleadh sonraí i gCuid 2.b) thíos.

Tá CSS fíorbhuíoch as an gcomhoibriú a fhaigheann sé ó na mílte múinteoirí gach bliain chun obair thábhachtach an scrúdúcháin a dhéanamh. Is maith is eol do cheannairí scoile go bhfuil dúshlán ag baint le hearcú agus le coinneáil múinteoirí mar scrúdaitheoirí Béaltrialacha le blianta beag anuas, agus an tionchar a bhíonn ar an gcóras nuair nach mbíonn dóthain scrúdaitheoirí ann. Bhí sé mar aidhm againn líon na múinteoirí atá páirteach san obair scrúdúcháin a mhéadú go mór ionas go mbeidh taithí dhearfach acu a chuireann go mór lena n-inniúlacht ghairmiúil mar mhúinteoirí, chomh maith lena gcumas tuillimh. I bhfianaise ár gcomhiarrachtaí, mar chuid den phróiseas athbhreithnithe ar sholáthar foirne ar conradh, chonaiceamar feabhas iontach ar líon na múinteoirí atá ag teacht chun cinn le haghaidh róil mar Scrúdaitheoirí Béaltrialach le blianta beaga anuas, feabhas atá bainteach leis an athrú ar sceideal na mBéaltrialacha agus an luach saothair méadaithe a bhaineann leo.

Mar sin féin, toisc go bhfuil méadú ar líon na n-iarrthóirí i mbliana, teastaíonn níos mó scrúdaitheoirí. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis na ceannairí scoile as tacú go gníomhach lenár n-iarrachtaí earcaíochta i mbliana trí fhiúntas na ról mar scrúdaitheoirí le haghaidh na Scrúduithe Stáit a chur chun cinn i measc bhur gcuid foirne. I measc na mbuntáistí a bhaineann leis, tá an fhorbairt ar cháilíocht a dteagaisc chomh maith lena n-inniúlacht sa mheasúnacht. Tá súil againn nach mbeidh aon bhac ar rannpháirtíocht múinteoirí mar scrúdaitheoirí de bharr go gcaithfear scrúdaitheoirí a chur ar fáil le haghaidh comhdhálacha oiliúna aon lae.

## 1. EOLAS GINEARÁLTA FAOI NA BÉALTRIALACHA A REÁCHTÁIL

Tá eolas tábhachtach sa chuid seo maidir le feidhmiú na mBéaltrialacha:

- Beidh na Béaltrialacha á reáchtáil ag scrúdaitheoirí ar cuairt, a ndéanfaidh CSS iad a earcú, a chur faoi oiliúint agus a cheapadh do scoileanna.
- Sannfar scoil nó liosta scoileanna do scrúdaitheoirí ina ndéanfaidh siad na Béaltrialacha a scrúdú i rith na tréimhse scrúdaithe sonraithe.
- Ó Dé Máirt, 4 Márta, rachaidh na scrúdaitheoirí ainmnithe i dteagmháil leis na scoileanna a shannfar dóibh chun iad a chur ar an eolas faoi na laethanta atá beartaithe acu cuairt a thabhairt ar an scoil chun na Béaltrialacha a scrúdú, agus faoi líon na n-iarrthóirí a chuirfidh siad faoi scrúdú gach lá.
- Sannadh sceideal iomlán cúig lá d’fhormhór na scrúdaitheoirí (sa tréimhse ó Dé Sathairn go dtí Déardaoin, 12–17 Aibreán, agus an dá lá sin san áireamh) chun na scoileanna uile atá sannta dóibh a chlúdach. Cuireann sé sin srian mór ar a solúbthacht. Is mór againn do chomhoibriú maidir le freastal ar na scrúdaitheoirí ar na laethanta áirithe a bhfuil sé i gceist acu cuairt a thabhairt ar an scoil.
- Tugadh treoir do na scrúdaitheoirí gan níos mó ná líon socraithe iarrthóirí a chur faoi scrúdú gach lá. Déanfar na scrúduithe le linn gnáthuaireanta lae scoile iomláin, chomh fada agus is féidir.
- Ós rud é go mbeidh na scrúduithe ar fad ar siúl sa tréimhse measúnaithe chéanna, tá an-seans ann go mbeidh gá le freastal ar scrúdaitheoirí éagsúla ar an lá céanna i do scoil.
- Iarrtar ar scoileanna an tionchar a bheidh ag an sceidealú ar iarrthóirí a thuiscint, go háirithe iad siúd a bheidh ag tabhairt faoi Bhéaltrialacha i dteangacha éagsúla. Féach Cuid 4 thíos.
- Ba cheart Cuiditheoir Scrúduithe – Riarachán ainmnithe a cheapadh chun plé leis na Béaltrialacha agus chun gníomhú mar an comhordaitheoir agus mar an príomhtheagmhálaí le haghaidh na scrúduithe seo. (Féach Cuid 2(a) thíos maidir le tacaíochtaí do scoileanna.)
- Ar leithligh ón gCuiditheoir Scrúduithe – Riarachán, ba cheart **Cuiditheoir Scrúduithe – Tacaíocht Thréadach** ainmnithe a bheith ann freisin chun tacú leis na hiarrthóirí i rith na mBéaltrialacha faoi Cháisc. (Féach Cuid 2(b) thíos maidir le tacaíochtaí do scoileanna.)
- Ba cheart uimhir theagmhála fóin póca an Chuiditheora Scrúduithe – Riarachán le haghaidh na mBéaltrialacha, a bheidh ar fáil lasmuigh d’uaireanta scoile, a chur ar fáil do na scrúdaitheoirí ar fhaitíos go mbeadh orthu dul i dteagmháil leo i gcás éigeandála a thiocfadh chun cinn i rith na scrúduithe. Tugadh treoir freisin do na scrúdaitheoirí a sonraí teagmhála a chur ar fáil don scoil.

### Úsáid Laethanta Teagmhais

CSS a déanfaidh cinneadh faoi úsáid an dá lá teagmhais – Dé Máirt agus Dé Céadaoin, 6 agus 7 Bealtaine – agus ní cheadófar iad ach sna cásanna is eisceachtúla.

Má dhéantar na scrúduithe a reáchtáil ar na laethanta sin, beidh gá leis an scrúdaitheoir a scaoileadh óna scoil féin chun na scrúduithe a dhéanamh ar na laethanta teagmhais sin; dá bhrí sin, ní bhreithneofar úsáid na laethanta teagmhais ach sna cásanna is eisceachtúla.

- Ní faoi na scrúdaitheoirí é scrúduithe a eagrú ar na laethanta sin.
- Ní mór don scoil féin dul i dteagmháil le CSS chun scrúduithe a eagrú ar na laethanta sin.
- Ní eagrófar scrúduithe ar na laethanta sin ach i gcásanna eisceachtúla má tá fadhb ann nach raibh neart ag an iarrthóir ná ag an scoil uirthi.
- Déanfaidh CSS cinneadh faoi úsáid na laethanta teagmhais sin i gcás gur tharla cásanna eisceachtúla agus neamhghnácha, agus go bhfuil gá leis na scrúduithe a sceidealú ar lá/laethanta teagmhais dá bharr.

- Beidh ar CSS a bheith sásta nach bhfuil sé indéanta na scrúduithe a reáchtáil gan úsáid a bhaint as lá/laethanta teagmhais.

## 2. TACAÍOCHT DO SCOILEANNA

Cuirtear acmhainní breise ar fáil ó scéim laethanta na gCuiditheoirí Scrúduithe ó CSS nuair a chuirtear na Béaltrialacha ar siúl i rith laethanta saoire na Cásca. Tá sonraí thíos, agus tabhair faoi deara nach féidir an duine céanna a úsáid mar an Cuiditheoir Scrúduithe – Riarachán le haghaidh na mBéaltrialacha agus an Cuiditheoir Scrúduithe – Tacaíocht Thréadach. Ní gá do Phríomhoidí a bheith i láthair sa scoil ar na laethanta sin i rith laethanta saoire na Cásca agus tugtar cumhacht dóibh baill den fhoireann teagaisc a shannadh chun róil na beirte Chuiditheoirí Scrúduithe a chomhlíonadh le haghaidh na scrúduithe seo. Is faoin bpríomhoide a chinneadh cé na daoine a cheapfar.

**a) Cuiditheoir Scrúduithe – Riarachán**

Tugann CSS tacaíocht airgeadais do scoileanna le haghaidh riarachán scrúduithe bliantúla na Sraithe Sóisearaí agus na hArdteistiméireachta. Faoin scéim, tá sé de rogha ag údaráis scoile Cuiditheoir Scrúduithe a fhostú le haghaidh tréimhse 15 lá gach bliain chun cabhrú leis an bPríomhoide le linn na scrúduithe stáit nó chun ionadaíocht a dhéanamh go hiomlán ar an bPríomhoide mura mbíonn siad ar fáil ar chúis ar bith. Bíonn laethanta breise ar fáil freisin do scoileanna bunaithe ar líon na n-iarrthóirí scrúdaithe agus ar fhad ama an tráthchláir sa scoil sin. Tá na laethanta Cuiditheora Scrúduithe le húsáid le haghaidh na scrúduithe scríofa agus le haghaidh na gcomhpháirteanna measúnaithe a bhaineann leo.

Anuas air sin, mar aitheantas don ualach oibre a bhaineann leis an tsamhail reáchtála seo faoi Cháisc, beidh **ocht lá Cuiditheora Scrúduithe** ar fáil do scoileanna ina bhfuil **120 iarrthóir Ardteistiméireachta** nó níos lú, agus beidh **deich lá** ar fáil do na scoileanna sin ina bhfuil **níos mó ná 120 iarrthóir Ardteistiméireachta**. Tá soláthar na laethanta sin ceaptha tacú le ceannairí scoile i riar na scrúduithe seo agus a reáchtáil i rith laethanta saoire na Cásca.

**b) Cuiditheoir Scrúduithe – Tacaíocht Thréadach**

Chun ionchur a sholáthar dár gcomhairle faoi sceideal na mBéaltrialacha, choimisiúnaigh CSS taighde ar sceidealú na mBéaltrialacha, ina measc sin iad a chur ar bun i rith laethanta saoire na Cásca. Bhí plé le scrúdaitheoirí CSS, múinteoirí, ceannairí scoile, iarrthóirí agus a dtuismitheoirí ina chuid den taighde. Téama láidir atá ag teacht tríd an taighde, agus san aiseolas eile do CSS, ná an gá atá le tacaíocht thréadach a bheith ar fáil sa scoil i gcaitheamh Bhéaltrialacha na Cásca chun tacú le hiarrthóirí atá ag teacht chun na scoile dá scrúduithe agus chun a chinntiú go bhfreastalaíonn na hiarrthóirí ar fad ar na scrúduithe tábhachtacha seo. D’eascair sé sin as an ngá uileghabhálach atá le tacaíocht a thabhairt d’iarrthóirí ag tréimhse a chuireann brú orthu, agus an gá atá ann go sonrach go ndéanfadh na scoileanna bearta faoi leith chun a chinntiú go bhfilleann na hiarrthóirí ar fad ar an scoil i rith na Cásca dá gcuid scrúduithe.

**Tá CSS ag méadú líon na laethanta le haghaidh Cuiditheoirí Scrúduithe – Tacaíocht Thréadach le haghaidh scrúduithe 2025, ó chúig lá ar a mhéad go sé lá ar a mhéad. Beidh líon na laethanta is féidir le scoileanna a éileamh ag brath ar líon na laethanta a mbeidh Béaltrialacha ar siúl i ngach scoil.** Cuirtear an acmhainn ar fáil ionas go mbeidh gach údarás scoile in ann ball foirne a cheapadh go sonrach chun tacaíocht thréadach a chur ar fáil d’iarrthóirí agus chun a chinntiú go bhfreastalóidh siad ar na Béaltrialacha i rith laethanta saoire na Cásca.

Is cosúil nár bhain gach scoil leas as an acmhainn Cuiditheora Scrúduithe – Tacaíocht Thréadach anuraidh, agus fiú i roinnt de na scoileanna a bhain leas aisti go raibh roinnt mearbhaill faoin ról agus gur roinneadh cuid

den obair le ról an Chuiditheora Scrúduithe – Riarachán. Táimid ag tapú na deise seo chun na socruithe seo le haghaidh Ardteistiméireacht 2025 a fheabhsú agus a shoiléiriú.

I bhfianaise thábhacht ollmhór an róil thréadaigh seo chun tacú le hiarrthóirí i rith na mBéaltrialacha, táimid ag cur tuilleadh eolais ar fáil faoi dhualgais an Chuiditheora Scrúduithe – Tacaíocht Thréadach. Beidh an duine a ghlacann leis an ról mar thacaíocht thréadach ina n-ionadaí don phríomhoide. Tá na dualgais seo a leanas ar an té a cheapfar:

- Freastal ar an scoil agus a bheith ar fáil d'iarrthóirí sa scoil i gcaitheamh na mBéaltrialacha
- Iad féin a chur in aithne do na hiarrthóirí sa scoil roimh thús na scrúduithe ionas go mbeidh na hiarrthóirí in ann dul i dteagmháil leo nuair is gá
- A bheith le feiceáil agus tacaíocht a thabhairt do na hiarrthóirí ar fad de réir mar is gá roimh a scrúduithe agus ina ndiaidh
- Monatóireacht agus bainistíocht a dhéanamh ar fhreastal na n-iarrthóirí de réir an sceidil freastail
- Seiceáil ar aon iarrthóir nach bhfreastalaíonn ar a mBéaltrialacha in am nó nach dtagann chuig an scoil ar chor ar bith
- A chinntiú go bhfuil bealach ag gach iarrthóir le teacht chuig an scoil ar gach lá scrúdaithe (agus a thabhairt ar aird, mar a phléitear in d) thíos, go n-aisíocfaidh CSS costas táillí tacsaí leis na scoileanna le haghaidh aon iarrthóirí a bhíonn ag brath ar Scéim Iompair Scoile na Roinne a dteastaíonn iompar uathu)
- Tacaíocht eile a thabhairt d'iarrthóirí de réir mar is gá
- Is gá nach mbeadh aon bhaint ag an duine a cheapfar sa ról seo leis na dualgais oibriúcháin agus riaracháin a bhaineann leis na Béaltrialacha.

**c) Ilchostais**

Aisíocfaidh CSS costais bhreise réasúnta a bhaineann go sonrach le solas, teas, glanadh agus airíochas sa scoil, mar gheall ar na Béaltrialacha a bheith ar siúl i scoileanna i rith laethanta saoire na Cásca.

**d) Iompar**

Chun éascaíocht a dhéanamh ar fhreastal na n-iarrthóirí a bhraitheann ar an gcóras iompair scoile, féadfaidh scoileanna seirbhísí tacsaí a eagrú le haghaidh na mBéaltrialacha i rith laethanta saoire na Cásca nuair is gá agus na costais sin a fháil ar ais ó CSS. Iarrtar ar scoileanna freastal na n-iarrthóirí a úsáideann seirbhísí tacsaí a éascú sna cásanna teoranta seo a leanas. Ní mór don iarrthóir:

- a bheith incháilithe d'iompar scoile faoi théarmaí Scéim Iompair Scoile na Roinne agus
- a bheith ag baint úsáid as an iompar scoile sa scoilbhliain reatha ach nach mbeidh na seirbhísí iompair ar fáil i rith laethanta saoire na Cásca
- a bheith ag freastal ar imeacht scrúdaithe i rith na tréimhse sin.

Aisíocfaidh CSS costais réasúnta do sheirbhísí dá leithéid le scoileanna nuair a chuirtear admhálacha bailí ar fáil.

Eiseofar sonraí iomlána na dtacaíochtaí atá ar fáil do scoileanna i mbliana chun tacú le reáchtáil ghnéithe uile na scrúduithe, sonraí faoi gcaoi le héileamh a dhéanamh ina measc, i gCiorclán S14/2025 ó CSS a eiseofar níos deireanaí anonn i mí an Mhárta 2025.

**3. LIOSTA OIRD FIÚNTAIS DO NA BÉALTRIALACHA**

I gcomhréir le gnáthchleachtas CSS sna Béaltrialacha, is gá liosta Oird Fiúntais a ullmhú a thaispeánann meastachán na scoile ar inniúlacht béaltrialach gach iarrthóra. Ní bheidh sé seo ag teastáil ach i gcásanna eisceachtúla nuair nach féidir teacht ar thaifeadadh de Bhéaltriail iarrthóra. Le hullmhúchán an liosta Oird Fiúntais a éascú, tá cóipeanna d'fhoirm ML10/BT10 ar fáil anseo. Ba cheart d'údaráis scoileanna a chinntiú go bhfuil foirmeacha ML10/BT10 comhlánaithe ag am na mBéaltrialacha agus go gcoinnítear sna scoileanna iad. Má bhíonn an fhoirm seo ag teastáil ó CSS, rachaimid i dteagmháil leat chun a iarraidh ort í a chur isteach. **Níor cheart na foirmeacha a chur mar ghnáthchleachtas chuig CSS ná níor cheart iad a thabhairt do na scrúdaitheoirí.**

Iarrtar ort úsáid a bhaint as foirm ar leith le haghaidh gach teanga.

Cuir ainmneacha na ndaltaí i ngach rang Ardteistiméireachta ar na foirmeacha iniata in ord fiúntais de réir mheastachán na scoile ar a n-inniúlacht. Nuair atá foirmeacha ML10/BT10 á gcomhlánú, bain úsáid as na siombailí seo a leanas:

| | |
|---|---|
| A.L. = Ardleibhéal | G.L. = Gnáthleibhéal |
| B.L. = Bonnleibhéal | M. = Rang Measctha |

Níl ag teastáil ach Ord Fiúntais; ná bronntar aon mharcanna.

**4. SCEIDEALÚ NA N-IARRTHÓIRÍ**

Nuair a thagann siad chuig an scoil an chéad lá dá bpost, ba cheart liosta a thabhairt do na scrúdaitheoirí a thaispeánann an t-ord ina mbeidh na hiarrthóirí i láthair do na scrúduithe. Beidh eolas tugtha ag na scrúdaitheoirí don scoil roimh ré maidir le líon na n-iarrthóirí a chuirfidh siad faoi scrúdú gach lá. Dá bhrí sin, ní féidir le haon tráthchlár a dhéanann an scoil ach a bheith ina mheastachán. Cé go ndéanfar gach iarracht na scrúduithe a reáchtáil chomh gar agus is féidir leis an am atá sonraithe, tá sé an-tábhachtach go mbeadh iarrthóirí ar an eolas go bhfuil seans ann nach ndéanfar iad a scrúdú ag an am sonraithe sin.

Ba cheart smaoineamh faoi na hiarrthóirí atá le níos mó ná scrúdú amháin a dhéanamh sa tréimhse sé lá, agus ba cheart d'údaráis na scoile iarracht a dhéanamh cásanna a sheachaint ina mbeadh dhá Bhéaltriail le déanamh ag iarrthóir in aon lá amháin. I gcásanna teoranta d'fhéadfaí nach féidir é sin a sheachaint, go háirithe má tá iarrthóir ag tabhairt faoi chúpla ábhar teanga, nó ag tabhairt faoi na hábhair nach mbíonn an tóir chéanna orthu agus a mbíonn níos lú scrúdaitheoirí ar fáil lena n-aghaidh. Ach tríd is tríd, i gcás na n-iarrthóirí atá ag tabhairt faoi Ghaeilge agus Fraincis, Gearmáinis nó Spáinnis, ba cheart don Chuiditheoir Scrúduithe – Riarachán gach iarracht a dhéanamh lena chinntiú nach ndéanfadh aon iarrthóir níos mó ná dhá scrúdú in aon lá amháin. Is féidir le húdaráis scoile dul i dteagmháil le CSS ar ríomhphost chuig orals@examinations.ie nó ar an nguthán ar 090 6442741 nó 090 6442700 má bhíonn fadhbanna sceidealaithe sa scoil agus comhairle uathu ina dtaobh.

**5. NA BÉALTRIALACHA A THAIFEADADH**

Bainfear úsáid as Taifeadáin Gutha Dhigiteacha (DVRanna) chun na Béaltrialacha a thaifeadadh i ngach teanga. Cuirfear an trealamh atá ag teastáil ar fáil do na scrúdaitheoirí chun taifeadadh a dhéanamh ar gach scrúdú le

húsáid níos déanaí le haghaidh, mar shampla, monatóireacht a dhéanamh ar mhaithe le dearbhú cáilíochta agus achomhairc. Tá cosc ar scoileanna agus iarrthóirí a dtaifeadtaí féin a dhéanamh. (Féach nóta 10 thíos.)

**6. FREASTAL AR NA BÉALTRIALACHA**

Nuair a thagann siad chuig an scoil an chéad lá dá bpost, ba cheart go n-iarrfaí cruthúnas aitheantais ar an scrúdaitheoir. Ba cheart cruthúnas aitheantais a iarraidh ar aon scrúdaitheoirí comhairleacha ó CSS a thugann cuairt ar an scoil freisin.

D'fhéadfadh scrúdaitheoirí comhairleacha ó CSS cuairt a thabhairt ar an scoil i rith thréimhse an phoist chun comhairle agus tacaíocht a thabhairt d'obair an scrúdaitheora. Beidh gá dóibh a bheith i láthair sa seomra i rith na scrúduithe mar gheall air sin.

Is féidir leis an mBainisteoir/leis an bPríomhoide (nó a n-ionadaí ceaptha), i gcásanna eisceachtúla ar threoir ó CSS, a bheith i láthair i rith na scrúduithe.

Meastar go bhfanfaidh an Cuiditheoir Scrúduithe i láthair sa limistéar freisin, de réir mar is cuí, i rith na scrúduithe seo.

**7. TINNEAS, AISTRITHE MÉALA AGUS IARRTHÓIRÍ SEACHTRACHA**

**7.1 Iarrthóir as láthair de bharr tinnis/go bhfuair duine muinteartha leo bás**

Tá sé i gceist scrúduithe déanacha a reáchtáil ó Dé Luain Dé hAoine, 19–23 Bealtaine 2025, le haghaidh cásanna ina raibh iarrthóir as láthair de bharr tinnis nó go bhfuair duine muinteartha leo bás.

Caithfidh na húdaráis scoile iarratas ar shocruithe dá leithéid a dhéanamh tráth a mbíonn an t-iarrthóir as láthair i rith na tréimhse ó **Dé Sathairn go dtí Déardaoin, 12–17 Aibreán** leis an bhfoirm d'Iarratas Déanach atá ar fáil ar ár suíomh gréasáin www.examinations.ie faoin rannóg Eolas faoi Scrúduithe. **Ba cheart CSS a chur ar an eolas faoi iarrthóirí atá as láthair leis an bhfoirm chomh gar don dáta asláithreachta agus is féidir. Ag aithint an tionchair a bhíonn ag na scrúduithe a reáchtáil i rith laethanta saoire na Cásca, caithfear gach Iarratas Déanach lena ngabhfaidh fianaise dochtúra nó fianaise méala a bheith ag CSS faoi Dé Céadaoin, 30 Aibreán 2025.**

Níor cheart teastais dochtúra ná cáipéisí dá leithéid a thabhairt don scrúdaitheoir.

Ní bheifear in ann socruithe eile a dhéanamh d'aon iarrthóir seachas na socruithe sin atá thuasluaite. Is gá go dtabharfar teastas dochtúra nó fianaise ar an mbás i ngach cás.

**7.2 Aistriú Iarrthóirí**

Ba cheart Rannóg Béaltrialacha CSS a chur ar an eolas láithreach bonn faoi iarrthóir ar bith atá ag aistriú ó do scoil, nó chuici, agus ba cheart ainm agus uimhir an iarrthóra agus sonraí na scoile eile a thabhairt.

**7.3 Iarrthóirí Seachtracha**

Éilíonn CSS go mbeadh cead faighte roimh ré ag na hiarrthóirí uile nach bhfuil ag freastal ar do scoil ach a bhfuil sé i gceist acu freastal uirthi chun tabhairt faoi na scrúduithe. Ar an mbunús go bhfaighfear a leithéid de chead, déanfaidh CSS na socruithe cuí leis na hiarrthóirí atá i gceist.

**NÍOS MÓ NÁ SCRÚDAITHEOIR ÁBHAIR AMHÁIN SA SCOIL CHÉANNA**

Má tá beirt (nó níos mó) scrúdaitheoirí don teanga chéanna ceaptha do scoil amháin, caithfidh iarrthóirí dul chuig an scrúdaitheoir a ceapadh dóibh le haghaidh an scrúdaithe.

**8. EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

**9.1 Eolas Ginearálta**

Táimid ag tarraingt d'aird ar an Eolas Ginearálta faoi Bhéaltrialacha 2025 atá ar fáil ANSEO ar shuíomh gréasáin CSS, www.examinations.ie.

**9.2 Gaeilge na hArdteistiméireachta – Comhleibhéal amháin**

Is eol do mhúinteoirí an ábhair seo cheana féin go n-éilítear ar iarrthóirí a thugann faoi Bhéaltriail Chomhleibhéil na Gaeilge 10 Sraith Pictiúr a ullmhú in áit 20 mar a bhí ann go traidisiúnta. Tá cur síos in Aguisín 1 den cháipéis seo ar an gcaoi a gcaithfidh iarrthóirí ullmhú do roghnú na Sraithe Pictiúr roimh a scrúdú agus an méid a chaithfidh siad a sholáthar don Scrúdaitheoir ar an lá. Ba cheart d'údaráis scoile a eagrú go dtugtar cóip den Aguisín do gach iarrthóir atá ag tabhairt faoi Bhéaltriail Chomhleibhéil na Gaeilge.

**9. FÓIN PHÓCA/GLÉASANNA TAIFEADTA/LEICTREONACHA**

Ba cheart d'údarás na scoile treoir a thabhairt d'iarrthóirí go bhfuil **cosc ar fhóin phóca agus/nó gléasanna taifeadta/leictreonacha eile, seachas gléas taifeadta an scrúdaitheora sa seomra scrúdaithe** agus gur gá a leithéid de ghléasanna a fhágáil taobh amuigh den seomra.

**10. SONRAÍ SOCRUITHE RÉASÚNTA A SHEICEÁIL**

Sula dtagann siad chuig do scoil, tabharfar sonraí do na Scrúdaitheoirí Béaltrialach faoi aon iarrthóirí ar bronnadh socruithe réasúnta orthu chun tabhairt faoi na Béaltrialacha faoi Scéim Socruithe Réasúnta CSS. Ina measc sin tá sonraí faoi aon iarrthóirí ar a bhfuil lagú amhairc, atá bodhar/nach bhfuil an éisteacht go maith acu, a bhfuil bac ina gcuid cainte, nó a dteastaíonn tacaíocht ó dhuine bhreise uathu ar bhealach ar bith i rith na scrúduithe. Tugadh treoir faoi leith do scrúdaitheoirí a dhéanfaidh Béaltriail le hiarrthóirí atá bodhar/nach bhfuil an éisteacht go maith acu nó a bhfuil bac ina gcuid cainte.

Chun a chinntiú go gcuirtear socruithe oiriúnacha i bhfeidhm, caithfidh na húdaráis scoile dul i mbun plé leis na scrúdaitheoirí a luaithe a thagann siad chuig an scoil chun a dtaifid ar na hiarrthóirí a gheobhaidh socruithe rochtana faoin Scéim Socruithe Réasúnta a chros-seiceáil leo.

Féadfaidh na húdaráis scoile bearta praiticiúla a chur i bhfeidhm freisin ar nós an t-iarrthóir/na hiarrthóirí a sceidealú mar an chéad duine nó an duine deireanach ar lá an scrúdaithe.

**11. RÚNDACHT THORTHAÍ NA MBÉALTRIALACHA**

Beidh na scrúduithe á reáchtáil go hiomlán ag na scrúdaitheoirí a dhéanfaidh cinneadh maidir leis na marcanna atá le tabhairt do na hiarrthóirí, faoi réir mhonatóireacht CSS. Tá na marcanna a thugtar go hiomlán faoi rún agus ní féidir iad a chur in iúl ach amháin do CSS. Cuirtear in iúl do scoileanna go bhfuil dianchosc ar na scrúdaitheoirí agus ar na scrúdaitheoirí comhairleacha eolas ar bith a nochtadh i dtaobh fheidhmíocht na n-iarrthóirí sna Béaltrialacha. Dá bhrí sin, níor cheart ceisteanna a chur ar na scrúdaitheoirí faoi fheidhmíocht na n-iarrthóirí.

**12. FIOSRÚCHÁIN**

Má tá aon údar imní ann maidir leis na scrúduithe seo, ba cheart do Bhainistíocht na Scoile nó a n-ionadaí ceaptha iad a chur in iúl go díreach don Rannóg Béaltrialacha nó Trialacha Praiticiúla in CSS a luaithe a thagann siad chun solais.

Ba cheart aon cheisteanna a bhaineann leis na Béaltrialacha a chur ar ríomhphost chuig orals@examinations.ie nó ar an nguthán ar 090 6442741 nó 090 6442700.

Tugtar faoi deara go bhféadfadh deacrachtaí nó údair imní nach rabhthas ag súil leo teacht chun cinn i rith na tréimhse a mbíonn na scrúduithe ar siúl. I rith na tréimhse a mbeidh na scrúduithe seo á reáchtáil, beidh baill foirne CSS ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna sin de réir mar a thagann siad chun cinn.

**Richard Dolan, An Stiúrthóir Oibríochtaí**
**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
**Márta 2025**

AGUISÍN 1.

**Eolas sonrach a bhaineann le Béaltriail Ghaeilge na hArdteistiméireachta, Comhleibhéal, 2025**

*Cuir an méid seo a leanas in iúl do na hiarrthóirí.*

**An tSraith Pictiúr**

I gcomhréir leis an gcáipéis, *Socruithe Measúnaithe do Scrúduithe na Sraithe Sóisearaí agus na hArdteistiméireachta, 2025*, beidh 10 Sraith Pictiúr ullmhaithe ag an iarrthóir as an 20 Sraith Pictiúr le haghaidh 2025.

Ní mór don iarrthóir liosta na dteideal de na 10 Sraith Pictiúr atá ullmhaithe acu a thabhairt don scrúdaitheoir ag tús na Béaltrialach. Sula dtosaítear ar an tSraith Pictiúr, iarrfar ar an iarrthóir Sraith Pictiúr amháin a roghnú go randamach as an 20 Sraith Pictiúr. Má tá teideal na Sraithe Pictiúr sin ar liosta an iarrthóra, coinneoidh siad an tSraith Pictiúr sin. Mura bhfuil an tSraith Pictiúr roghnaithe ar liosta an iarrthóra, beidh cead ag an iarrthóir Sraith Pictiúr eile a roghnú go dtí go roghnaítear Sraith Pictiúr atá ar liosta an iarrthóra.